

An Rannóg Tithíochta

Straitéis Iompair Fhrithshóisialta 2016 - 2022

Tithíocht Shóisialta de réir
Alt 35 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009



1.0	Réamhrá	3
1.1	Ráiteas Misin	4
2.0	Ráiteas Beartais	4
3.0	Cuspóirí	4
3.1	Príomhchuspóirí	4
4.0	Straitéisí	4
4.0	An Garda Síochána/Tusla/Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	5
4.0	Cúrsaí Réamhthionóntachta	5
4.0	Leas Tithíochta	6
4.0	Scoileanna/Oideachas	6
5.0	Comhaontú Tionóntachta agus Reachtaíocht	24
5.1	Comhaontú Tionóntachta	24
5.2	Reachtaíocht	25
5.2.1	Iompar Frithshóisialta - sainmhíniú	25
5.2.2	Bainistíocht eastáit - sainmhíniú	25
5.2.3	Straitéis Iompair Fhrithshóisialta	25
5.2.4	Iarratais Sealbhaithe	26
5.2.5	Reachtaíocht tithíochta a bhaineann le hOrduithe Eisiata	26
5.2.6	Foréigean Baile	26
5.2.7	Imeaglú ar Bhall Foirne	26
5.2.8	Saoráil Faisnéise	26
6.0	Beartas maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta	7
6.1.	Orduithe Eisiata	7
6.2.	Mangaireacht Drugaí	7
6.3	Beartas maidir le Leithdháileadh a Dhiúltú/larchur - Iompar Frithshóisialta	8
6.4	Beartas maidir le Díol Teaghaise a Dhiúltú - Iompar Frithshóisialta	8
6.5	Beartas maidir le Leithdháileadh a Dhiúltú/larchur - Mainneachtain Faisnéis a Sholáthar	8
6.6	Beartas maidir le Leithdháileadh a Dhiúltú/larchur - Bainistíocht Eastáit	8
6.7	Beartas maidir le Díol Teaghaise a Dhiúltú - Bainistíocht Eastáit	8
6.8	Cúlra Frithshóisialta a Fhiosrú	9
6.9	Bagairt ar Bheartais / Imeaglú ar Fhostaithe na Comhairle	10
6.10	An Beartas maidir le Scuatalaithe	10
7.0	Nós Imeachta Gearán	11
7.1	An Gearán a Thaifeadadh	11
7.2	Rúndacht	12
7.3	An Gearánach	13
7.4	An Freagróir	13
7.5	Catagóiriú Gearán - Taifeadadh agus Monatóireacht	14
7.6	Torann	15
7.7	Imscrúdú	15
7.8	Cás a Dhiúscairt	15
7.9	Caingean Díl	16
7.10	Prótacail maidir le hOrduithe Eisiata	17
7.11	Prótacail maidir le Iarratais Sealbhaithe/Foirceannadh Tionóntachtaí	18
7.12	Prótacail maidir le tarchur chuig an Sirriam	18
8.0	An Próiseas Cinnteoireachta	20
9.0	Aistriú ar Fhorais a Bhaineann le Bainistíocht Eastáit	21
10.0	Tuarascáil Bhliantúil/Táscairí Feidhmíochta	21
11.0	Sláinte agus Sábháilteacht	22
12.0	Seirbhísí do Chustaiméirí/ Achomhairc	23

Straitéis Iompair Fhrithshóisialta Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, 2016 - 2022

Is mór an dúshlán a bhaineann le heastáit údaráis áitiúil san aonú haois is fiche, go háirithe agus fadhb ann le hiompar frithshóisialta. Tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (DLRCC) tiomanta d'iompar frithshóisialta ina cuid eastát a chosc agus a chur de dhroim seoil. Chuige sin, tá cur chuige an-ghníomhach glactha ag an gComhairle chuici féin. Scrúdóidh an Chomhairle gach gearán bailí a dhéantar faoi iompar frithshóisialta agus féachfaidh sí le réiteach a fháil ar gach gearán dá leithéid. Tá painéil ilghníomhaireachta bunaithe ag an gComhairle leis an nGarda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) chun réimsí saoil ina bhfuil an-chuid iompair fhrithshóisialta a aithint agus oibriú i gcomhar chun na fadhbanna a réiteach. Ba cheart a rá, áfach, nach dtarlaíonn mórán eachtraí frithshóisialta agus go bhfuil an chuid is mó de thionóntaí na Comhairle in ann maireachtáil ina dtithe gan aon chomharsana frithshóisialta ag cur isteach orthu.

Tá Rannóg Iompair Fhrithshóisialta ag feidhmiú le roinnt blianta taobh istigh den Rannóg Tithíochta chun beartas na Comhairle i dtaobh iompar frithshóisialta a chomhrac agus a chosc a chur i bhfeidhm. D'fhág achtú Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, go bhfuil creat reachtaíochta agus treoirínte ann chun gur féidir leis na húdaráis áitiúla go léir, trí fheidhm fhorchoimeáda, straitéis iompair fhrithshóisialta a ghlacadh chun iompar frithshóisialta thart timpeall na dtithe a thagann faoina scáth a chosc agus a laghdú. Ghlac an Chomhairle an chéad Straitéis dá leithéid an 8^ú Samhain, 2010.

Tá athbhreithniú déanta ar Straitéis na Comhairle anois chun na leasuithe riachtanacha a thabhairt isteach ann d'fhonn an beartas chur in oiriúint do na riachtanais nua reachtaíochta atá in Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014, agus i reachtaíocht ábhartha eile.

Agus an bhun-Straitéis á cur i dtoll a chéile againn, bhí beann againn ar threoirínte dea-chleachtais a d'eisigh an t-aonad Tithíochta ar na húdaráis Tithíochta in 2003 i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus le Cumann Bainisteoirí na Cathrach agus an Chontae. Tá áthas orm a rá nach raibh ach roinnt mionleasuithe ag teastáil chun an Straitéis atá ann faoi láthair a chur in oiriúint don reachtaíocht nua. Níl amhras orm ach gur Straitéis chóir, láidir atá againn chun cabhrú le plean sé bliana na Comhairle iompar frithshóisialta taobh istigh den Chontae.

De réir na reachtaíochta, chuathas i gcomhairle leis an nGarda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Tusla, an Comhchoiste Póilíneachta agus gníomhaireachtaí ábhartha eile i dtaobh na Straitéise, de réir Alt 35 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Ghlac Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leis an Straitéis ag cruinniú dá cuid an 14^ú Samhain, 2016.

Catherine Keenan, Stiúrthóir na Tithíochta.

1.1 Ráiteas Misin

Is éard a deirtear sa chuid sin den Ráiteas Misin a bhaineann le hlompar Frithshóisialta:

"An uile ghearán a imscrúdú mar is cóir, go neamhchlaonta agus go hoibiachtúil, seirbhís nua-aimseartha, ghairmiúil a chur ar fáil dár dtionóntaí, nó d'aon duine eile a fhulaingíonn lompar Frithshóisialta, agus oibriú chun lompar Frithshóisialta a chur de dhroim seoil sna heastáit ábhartha ar fad a thagann faoi scáth na Comhairle. "

2.0 Ráiteas Beartais

Tuigeann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin gur féidir le hiompar frithshóisialta cur isteach ar thionóntaí na Comhairle agus a saol a athrú chun donais. Cloíonn formhór ár gcuid tionóntaí leis an dlí; níl ann ach dornán beag daoine a iompraíonn iad féin ar an gcaoi seo. Tuigeann an Chomhairle freisin go bhfuil freagracht uirthi i leith a tionóntaí ar fad síocháin agus suáilceas a chothú agus a chur chun cinn chomh fada is a bhaineann lena dtithe agus lena maireachtáil. Dá réir sin, is é beartas na Comhairle seo i dtaobh an iompair fhrithshóisialta nach gcuirfead suas leis agus gabhann an Chomhairle uirthi féin, mar aon lena cuid tionóntaí, go rachaidh sí i mbun gnímh chun féachaint le hiompar dá leithéid a chosc trína cuid eastát a bhainistiú go héifeachtach agus, sa chás go dtarlaíonn sé, déanfaidh an Chomhairle, de réir mar is gá, gach ar féidir léi a dhéanamh ó thaobh na reachtaíochta de chun iompar dá leithéid a chomhrac.

Cuirfead an beartas seo i bhfeidhm trí na bunchuspóirí seo a bhaint amach agus na straitéisí a leagtar amach sa cháipéis seo a chur i bhfeidhm. Leis seo, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta dul i ngleic leis an bhfadhb seo.

Tá an beartas seo curtha in oiriúint don méid atá i Scéim Leithdháiltí na Comhairle, Creat an Phlean Gnímh do Dhaoine gan Dídean le haghaidh Réigiún Bhaile Átha Cliath 2014 - 2016, agus Clár Cóiríochta an Lucht Siúil, 2014 - 2018, agus cuirfead in oiriúint é do cibé athbheithnithe/leasuithe a bheidh ann ina dhiaidh seo.

3.0 Cuspóirí

3.1 Is iad Príomhchuspóirí na Rannóige Frithshóisialta ná:

- **Iompar Frithshóisialta a chosc agus a laghdú.**
- **Seirbhísí a chomhordú taobh istigh den Chomhairle maidir le déileáil le hlompar Frithshóisialta .**
- **Cur chuige Ilghníomhaireachta a ghlacadh maidir le déileáil le hlompar Frithshóisialta.**
- **Prionsabail na dea-bhainistíochta eastáit a chur chun cinn.**

Cosc, comhordú, glacadh agus cur chun chun cinn.

Tá na cuspóirí de réir Alt 35 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

Tomhaisfead na cuspóirí seo gach bliain de réir táscairí feidhmíochta atá forbartha againn maidir le feidhmiú na rannóige agus a chuirfead san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle.

4.0 Straitéisí

Féachfaidh an Chomhairle leis na cuspóirí seo a bhaint amach tríd na straitéisí seo a leanas a ghlacadh:

1) **Leanúint d'fheidhm a bhaint as Rannóg thiomanta lompair Fhrithshóisialta**

Leanfaidh an Chomhairle uirthi ag cinntiú go mbeidh aonad tiomanta ann chun déileáil le heachtraí iompair fhrithshóisialta, agus baill foirne oilte aici a oibreoidh go dlúth le lucht na Bainistíochta Sinsearaí Tithíochta agus leis an Rannóg Seirbhísí Dlí. Féachfaidh an Chomhairle le malartú ball foirne a sheachaint sa rannóg seo oiread agus is féidir chun a chinntiú go gcoinneofar na scileanna agus na cumais taobh istigh den rannóg. Beidh baill foirne freagrach as gearáin thromchúiseacha a imscrúdú agus cuirfead oiliúint agus comhairle chuí ar fáil ar bhonn leanúnach. Beidh a buiséad féin ag an rannóg chun na riachtanais seo a shásamh. Aithneofar riachtanais oiliúna de réir chóras PMDS na Comhairle.

2) Leanúint d'fheidhm a bhaint as Aonad tiomanta maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil

Leanfaidh an Chomhairle uirthi ag cinntiú go mbainfear leas as aonad tiomanta chun déileáil le bainistiú agus le smachtú láithreán stad agus scéimeanna tithíochta grúpáilte taobh istigh den Chontae agus aon cheisteanna frithshóisialta a thagann chun cinn. Tá baill foirne sa rannóg seo a bhfuil taithí acu agus a oibríonn le baill den lucht siúil gach lá agus a chuidíonn le haighnis a réiteach agus a dhéanann idirghabháil iontu. Bainistíonn an rannóg sé láithreán stad, sé scéim tithíochta grúpáilte agus trí láithreán stad shealadacha taobh istigh den Chontae. Lena chois sin, tá sí tar éis leas a bhaint as CCTV i roinnt eastát chun cabhrú le hiompar frithshóisialta a laghdú agus a chosc. Beidh feidhm ag prionsabail ghinearálta an bheartais seo maidir le bainistiú agus smachtú scéimeanna tithíochta a chuirtear ar fáil do bhaill den lucht siúil.

3) An líon Gearán Frithshóisialta a laghdú 2% ar bhonn bliantúil agus freagairt don uile ghearán taobh istigh de 5 lá oibre agus imscrúdú a thionscain taobh istigh de 15 lá oibre. (de réir acmhainní).

Freagairt phras, éifeachtúil a éascú maidir leis an uile ghearán atá glactha ag an gComhairle agus curtha aici ar chóras nua-aimseartha ríomhaireachta le haghaidh gearán. Tríd an gcóras seo, cinnteofar go ndéanfar gach gearán a imscrúdú de réir ardchaighdeáin agus go gcuirfear eolas staidrimh ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht.

4) An reachtaíocht a chur i bhfeidhm sna cásanna is tromchúisí, arna leagan amach in Alt 6 den cháipéis seo

De bharr go bhfuil córas struchtúrtha gearán i bhfeidhm, is féidir leis an rannóg Frithshóisialta cásanna tromchúiseacha a aithint agus freagairt dóibh dá réir. Bainfidh an Chomhairle úsáid as reachtaíocht agus nós imeachtaí dlí institiúide atá ann cheana más gá, rud a bhféadfadh díbert nó orduithe eisiata ar mhodh díbeartha a bheith mar thoradh air, gan nósanna imeachta ordaithe a áireamh. Tuigeann an Chomhairle go bhféadfadh go gcoiscfeadh iompar frithshóisialta in eastáit amach anseo má chuirtear an dlí i bhfeidhm i gcásanna tromchúiseacha.

5) Caidreamh níos dlúithe a chothú leis an nGarda Síochána agus le Gníomhaireachtaí eile agus eolas a roinnt leo chun déileáil le hiompar frithshóisialta.

Tá cur chuige Ilghníomhaireachta i bhfeidhm ag nascadh na Comhairle agus an Garda Síochána, a bhuaileann lena chéile ar bhonn rialta, mar a mhínítear thíos.

22099

Stáisiún Gardaí	Aonad/Foireann	Cruinnithe
Dún Laoghaire	Gardaí Pobail	Ráithe
Seanchill	Gardaí Pobail	Ráithe
Dún Droma/An Charraig Dhubh	Gardaí Pobail	Ráithe

Is é an toradh a bheidh ar an dlúth-chomhoibriú seo nach mbeidh dúbláil iarrachta idir na gníomhaireachtaí i gcásanna áirithe agus go leanfar ag réiteach fadhbanna frithshóisialta i gceantair ina raibh leibhéal sách ard d'iompar dá leithéid. Déanann an Rannóg Frithshóisialta idirchaidreamh le haonaid ar leith den Gharda Síochána, agus, uaireanta, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) de réir mar is gá.

6) Daoine a Ghríosadh Níos Mó chun Páirt a Ghlacadh i gCúrsaí Eolais Réamhthionóntachta/Tionóntachta

Eagraíonn an Chomhairle cúrsaí réamhthionóntachta do dhaoine a d'fhéadfadh bheith ina dtionóntaí. I roinnt cásanna, e.g. ligin tosaíochta, b'fhéidir nárbh fhéidir cúrsaí a reáchtáil roimh gach ligean. I gcásanna dá leithéid, eagrófar seisiúin eolais chomh luath agus is féidir do thionóntaí nua. Tá neart eolais le fáil sna cúrsaí agus cabhraíonn siad le hiompar frithshóisialta agus aon sárú ar an gcomhaontú tionóntachta a chosc. Mínítear ar an gcúrsa feidhmeanna na Comhairle agus na seirbhísí a chuireann sí ar fáil. Ar na cainteoirí atá ar an gCúrsa, tá baill foirne as Rannóga ábhartha sa Chomhairle, Gníomhaireachtaí eile amháil na Gardaí, MABS, an Bord Oideachais agus Oiliúna (ETB), etc.

Scrúdaítear an Comhaontú Tionóntachta ar an gcúrsa agus mínítear na himpleachtaí a bhaineann le téarmaí an chomhaontaithe a shárú. Tugtar mion-eolas i dtaobh oibleagáidí tionóntaí (e.g. íocaíocht an chíosa gach seachtain, cothabháil na teaghaise etc), mar aon lena gcearta i dtaobh seirbhísí/freagairt a fháil ón gComhairle. Pléitear le hiompar frithshóisialta agus leis an gcóras gearán ar an gcúrsa freisin. Cuirtear bileoga ar fáil ina bhfuil eolas ar an rannóg frithshóisialta, mar aon le hainmneacha daoine agus a gcuid uimhreacha teagmhála.

- 7) Ag obair i gcomhar leis an tSeirbhís Leasa Tithíochta**
 Freastalaíonn Oifigeach Leasa Tithíochta ar an gcomhdháil mhíosúil intí ag a bpléitear cásanna. Déanann an tSeirbhís Leasa Tithíochta idirchaidreamh leis an Rannóg Frithshóisialta ar bhonn rialta chun cásanna aonair a phlé agus glacadh le tarchuir nuair a mheastar iad a bheith riachtanach. Teastaíonn cúnaimh, tacaíocht agus nasc le gníomhaireachtaí/seirbhísí eile ó roinnt teaghlach a bhíonn ag gabháil d'iompar frithshóisialta ar leibhéal íseal. Sa mhéid sin, soláthraíonn an tseirbhís Leasa Tithíochta nasc fíorthábhachtach chun na críche seo agus tá laghdú tagtha ar líon na n-eachtraí iompair frithshóisialta a bhain le roinnt tithe de bharr na seirbhíse seo. Lena chois sin, ó Feabhra 2012 amach, tá cúnaimh tugtha don Rannóg ag seirbhís a chuireann Focus Ireland ar fáil i láthair na huair faoina gceadaítear oibrí cáis dícheallach oibriú go díreach le teaghlaigh, ag tabhairt cúnaimh dóibh agus ag cur naisc ar fáil dóibh le gníomhaireachtaí eile. Suas go deireadh na bliana 2015, bhí an Rannóg Iompair Fhrithshóisialta tar éis breis agus 50 teaghlach leochaileach a chur ar aghaidh go dtí an tSeirbhís Chothaithe Tionóntachta seo. Is é an príomhchuspóir atá leis an tSeirbhís ná teaghlaigh a chosc ar iompar frithshóisialta a dhéanamh.
- 8) Oibriú go dlúth leis an Rannóg Forbartha Pobail**
 Déanann an Rannóg Fhrithshóisialta idirchaidreamh leis an Rannóg Forbartha Pobail den Roinn Eacnamaíochta, Pobail agus Forbartha Cultúrtha ar bhonn rialta, ag coinneáil nasc le Fóraim Bhainistíochta Eastáit agus ag cabhrú le grúpaí ionadaíochá cónaitheoirí coireanna a chosc agus dul i ngleic le ceisteanna iompair fhrithshóisialta. D'fhéadfadh go measfaidh an Rannóg Fhrithshóisialta gur gá cumainn cónaitheoirí/tionóntaí agus Ionaid Acmhainní a bhunú i roinnt eastát, agus oibreoidh sí leis an Rannóg Pobail chuige sin. Tá ionadaíocht ag an rannóg seo cheana ar Fhóram Póilíneachta Áitiúla Bhaile Uí Lachláin/Sheanchille/an Bhaile Bhric, áit a bpléitear coireacht agus arb é is aidhm leis ná deireadh a chur le coireacht. Tá rath ar an bhFóram cheana ag dul i ngleic le ceisteanna práinneacha taobh istigh den phobal. Glacfaidh an Rannóg páirt in aon fhóraim phóilíneachta áitiúla eile a dtoghfad chucu iad.
 Tacaíonn an Chomhairle leis an gClár Bainistíochta Eastáit, ag cinntiú go gcuirfear acmhainní ar fáil sna ceantair is boichte agus is mó faoi mhíbhuntáiste sa Chontae, ag cuidiú le cónaitheoirí a bheith páirteach in imeachtaí agus feabhsuithe a aithint ina bpobail féin i gcomhar leis an gComhairle.
- 9) Litreacha Cothabhála/litreacha Fógara Tionóntachta/Foláirimh do Thionóntachtaí maidir le maoin a bheith gan cothabháil**
 Má thagann sé ar aird na Rannóige Iompair Fhrithshóisialta go bhfuil sárú déanta ar an gComhaontú Tionóntachta i dtaobh maoin a chothabháil, féadfar litreacha Cothabhála/Foláirimh Tionóntachta a eisiúint. Bíonn dea-thionchar aige seo ar an bpobal agus tugann sé ugach do thionóntaí Comhairle a dteaghais a chothabháil ar chaighdeán inghlactha. Coinníonn an rannóg iompair Fhrithshóisialta bunachar sonraí de chomhfhreagras a bhaineann le maoin a bheith gan cothabháil, chun é a fhiosrú tuilleadh agus chun críocha tagartha agus staitistice.
- 10) An Clár Tionscnaimh Scoileanna a Leathnú**
 In 2008, chuir an Rannóg Iompair Fhrithshóisialta tús le clár, áit a dtugtar cuairt ar Mheánscoileanna Áitiúla chun an drochthionchar a bhíonn ag iompar frithshóisialta ar theaghlaigh agus ar phobail a chur abhaile ar an aos óg. Tá t-eolas atá faighte ar ais ó na Scoileanna dearfach agus tá súil ag an rannóg clár a fhorbairt lena thabhairt isteach sna bunscoileanna amach anseo. Tá an tionscnamh seo ag teacht le riachtanais Alt 35 (3) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 i dtaobh an oideachais agus an taighde.
- 11) Cur chuige comhpháirtíochta a chruthú le Scoil na hEolaíochta Sóisialta sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.**
 Tá an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath gar don Chomhairle seo agus féachfaidh an Rannóg Fhrithshóisialta le nasc a dhéanamh le mic léinn Eolaíochta Sóisialta ina gcuid taighde acadúil ar na cúiseanna a bhíonn le hiompar frithshóisialta agus toradh an iompair sin. Cuirfidh an rannóg sonraí agus staitisticí ar fáil agus cuideoidh le taighde ar chosc agus ar laghdú an iompair fhrithshóisialta. Tá an tionscnamh seo ag teacht le riachtanais Alt 35 (3) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 i dtaobh an oideachais agus an taighde.
- 12) Idirchaidreamh a dhéanamh leis an Rannóg Pobail i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin**
 Déanfaidh an rannóg idirchaidreamh leis an Rannóg Pobail agus cuirfidh eolas staitisticí ar fáil don Rannóg sin maidir le ceantair faoi mhíbhuntáiste atá taobh istigh den Chontae, agus cuideoidh sí le tionscnaimh nua a chuirfidh an pobal ar an eolas faoi phrionsabail an ionchuimsithe shóisialta.
- 13) Fiosrúcháin Réamhthionóntachta/Réamhaistrithe**
 Faoi Alt 15 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997, arna leasú, ceadaítear d'Údarás Áitiúla eolas a fháil ó ghníomhaireachtaí eile ar iarratasóirí a d'fhéadfadh a bheith dultha i mbun iompar frithshóisialta roimhe seo. Úsáidfídh an Chomhairle

an reachtaíocht seo chun fiosrúcháin a dhéanamh mar gheall ar an uile iarratsóir tithíochta sóisialta agus prótacail dhiana a fhorbairt chun an fhaisnéis a chosaint agus a scaipeadh.

14) Cumarsáid

Cuirfear achoimre ar an mbeartas seo in iúl dár dtionóntaí, sa phost, ag cruinnithe poiblí, ar chúrsaí réamhthionóntachta/eolais, cruinnithe cónaitheoirí, fóraim bhainistíochta eastáit, nó ar bhileoga in oifigí uile na Comhairle, lena n-áirítear Halla an Chontae, Cearnóg an Chuain, oifigí Dhún Droma, leabharlanna agus láithreán gréasáin na Comhairle www.dlrcco.ie. Scaipfear bileoga ar Stáisiún Ghardaí áitiúla agus ar oifigí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte lena dtaispeáint ina n-oifigí poiblí.

15) Dearadh teaghaise agus eastát

Tabharfaidh an Rannóg Iompair Fhrithshóisialta cúnamh maidir le haon tuairimí agus aon fhiosrúcháin a chuirtear faoi bhráid Rannóg Tógála na Rannóige Tithíochta, agus cuideoidh sí le Rannóg na nAiltirí chun a chinntiú go bhféachfar le bonneagar a d'fhéadfadh cur le hiompar frithshóisialta a sheachaint agus áiteanna cónaithe nua á ndearadh. Lena chois sin, cuideoidh an rannóg le hidirchaidreamh a dhéanamh le hOifigeach Coiscithe Coireachta an Gharda Síochána maidir le comhairle agus moltaí ar fhadhbanna a bhaineann le dearadh in eastáit, amhail lánaí a bheith á ndúnadh agus soilse poiblí.

Is féidir monatóireacht a dhéanamh ar fhorhóir na straitéisí seo agus déanfaidh an Chomhairle dul chun cinn a thomhas ar bhonn leanúnach. Foilseofar táscairí feidhmíochta i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle. Tháinig laghdú 43% ar líon na ngearán a fuarthas a bhain le hiompar frithshóisialta fad a mhair an straitéis a bhí ann roimhe seo, rud a thugann le fios go bhfuil ag éirí leis na beartais agus na nósanna imeachta atá glactha ag an gComhairle. Táthar ag súil go mbeidh tuilleadh laghdaithe ar líon na ngearán a gheofar amach anseo.

5.0 Comhaontú Tionóntachta agus Reachtaíocht

Tá an Comhaontas Tionóntachta agus Reachtaíocht, ar cuid lárnach den Straitéis iad, le fáil in Aguisín 1 den Straitéis.

Maidir le leasuithe reachtaíochta, déanfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, codanna ábhartha de reachtaíocht leasaithe a chur i bhfeidhm ag an am cuí. Lena chois sin, beidh feidhm ag an straitéis maidir le haon athbhreithniú/leasú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar Chomhaontú Tionóntachta na Comhairle, a bheidh ina chuid den Straitéis.

6.0 Beartas maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta

Tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (DLRCC) tiomanta don uile ghearán a bhaineann le hiompar frithshóisialta a imscrúdú ar bhealach cóir, neamhchlaonta agus oibiachtúil, agus cuirfidh sí an reachtaíocht i bhfeidhm go docht daingean i ngach cás tromchúiseach.

6.1 Orduithe Eisiata

Cuirfidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin Alt 3 d'Acht 1997, arna leasú (Ordú Eisiata), i bhfeidhm más indéanta é, chun go mbeidh cur chuige dírithe ann le linn déileáil le daoine atá ag gabháil d'iompar frithshóisialta agus chun díbirt teaghlaigh iomlán a sheachaint más féidir. Cé is moite de chásanna eiseachtúla, mairfidh iarratais ar Orduithe Eisiata i ndáil le daoine fásta trí bliana agus is iarratais iad i leith na teaghaise agus an eastáit ina bhfuil an teaghais lena mbaineann an t-iompar frithshóisialta agus a bhfuil an t-iompar frithshóisialta ag tarlú ann, agus in aon eastát ábhartha eile. De réir na reachtaíochta, ní lorgóidh an Chomhairle Ordú Eisiata in aghaidh ógánaigh atá faoi bhun 12 bhliain d'aois. Sa chás go bhfuil an t-ógánach níos sine ná 12 bhliain d'aois (agus faoi bhun ocht mbliana déag d'aois), agus go bhfuil an cás tromchúiseach agus tábhachtach, déanfar tagairt san iarratas do mhaoin, d'áit nó do cheantar is sonraithe, seachas d'áras teaghlaigh an ógánaigh.

6.2 Mangaireacht Drugaí

Glacfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin beartas docht dian i ndáil le tionóntaí/háititheoirí atá bainteach le mangaireacht drugaí ó dheaghais de chuid na Comhairle.

Ní ghlacfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le déantúsaíocht, táirgeadh, ullmhú, iompórtáil, easpórtáil, díol, soláthar, ná scaipeadh druga rialaithe, lena n-áirítear substaintí sícighníomhacha, de réir na brí a thugtar san Acht um Cheartas Coiriúil (Substaintí Sícighníomhacha), 2010, in aon cheann dá cuid teaghaise agus, i gcásanna tromchúiseacha, déanfaidh gearán dá leithéid a chur ar aghaidh chuig comhdháil intí cáis d'fhonn gníomh láithreach a dhéanamh ina thaobh. D'fhéadfadh gur Ordú Eisiata nó Nósanna Imeachta Sealbhaithe in aghaidh an teaghlaigh ar fad a bheidh sa ghníomh seo.

6.3 **Leithdháileadh a Dhiúltú/Iarchur ar Fhorais a bhaineann le hIompar Frithshóisialta.**

Diúltóidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin teaghais a chur ar fáil d'iaratasóir tithíochta nó cuirfidh siar a gcinneadh déanamh amhlaidh má mheasann sí go raibh an t-iaratasóir bainteach le hiompar frithshóisialta. Beidh aon duine a bhfuil sé beartaithe aige maireachtáil sa teaghais i gceist leis an diúltú nó leis an iarchur agus breithneofar gach cás ina gceann is ina gceann. Cuirfear an t-iaratasóir ar an eolas faoi na cúiseanna a bhí leis an diúltú/iarchur. Cuirfear fógra i scríbhinn chuig iaratasóir tithíochta a bhfuil diúltú nó iarchur déanta ina leith agus féadfar achomharc a dhéanamh i scríbhinn maidir leis an gcinneadh sin laistigh de 21 lá. Is féidir le hiarratasóir iaratas a dhéanamh i scríbhinn chun go ndéanfar cinneadh a athbhreithniú ar bhonn bliantúil. Más deimhin leis an gComhairle go bhfuil éirithe as iompar dá leithéid ag an iaratasóir, agus go bhfuil dóthain ama caite chun an méid sin a dheimhniú, féadfar an cinneadh a athbhreithniú.

6.4 **Diúltú Teaghais a Dhíol ar Fhorais a bhaineann le hIompar Frithshóisialta**

Diúltóidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin teaghais a dhíol nó cuirfidh siar díol teaghaise má mheasann sí go bhfuil nó go raibh baint ag an duine sin le hiompar frithshóisialta. Áireofar aon duine a bhfuil sé beartaithe aige maireachtáil sa teaghais leis an méid seo. Agus seo á chinneadh, breithneofar gach cás ina gceann is ina gceann. Féadfar an cinneadh seo a athbhreithniú más deimhin leis an gComhairle go bhfuil éirithe as iompar dá leithéid ag an iaratasóir, agus go bhfuil dóthain ama caite chun an méid sin a dheimhniú. Cuirfear an t-iaratasóir go hiomlán ar an eolas faoi na cúiseanna a bhí leis an diúltú/iarchur. Anuas air sin, diúltóidh an Chomhairle cead a thabhairt teaghais a dhíol/cheannach má mheasann sí go bhfuil nó go raibh baint ag an té a bhfuil sé i gceist aige í a cheannach le hiompar frithshóisialta. Beidh sé de cheart ag duine/ionónta atá ag déanamh iarratais ar theaghais a cheannach, tionónta-cheannaitheoir agus/nó a chomharba nó a comharba i dteideal atá ag déanamh iarratais ar chead teaghais a dhíol, agus iaratasóir ar chead teaghais a cheannach agus a bhfuil a iaratas diúltaithe/curtha siar, an cinneadh a athchomharc i scríbhinn taobh istigh de 21 lá. Féadfaidh iaratasóir iaratas a dhéanamh i scríbhinn go ndéanfar an cinneadh a (h)iaratas a dhiúltú a athbhreithniú gach dhá mhí dhéag. Beidh feidhm ag an alt seo agus ag alt 6.7 maidir le teaghais a fhoráiltear leis na hAchtanna seo a leanas:

Alt 90 d'Acht na dTithe 1966 (scéim cheannaigh tionóntaí).

Alt 3 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1992 (scéim úinéireachta roinnte)

Cuid V den Acht Pleanála agus Forbartha 2000

Alt 6 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002 (scéim tithe incheannaithe)

Cuid 3 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 (scéim ceannaigh incrimintigh)

Cuid 4 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 (scéim ceannaigh árasáin do thionóntaí)

Cuid 3 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014 (Ceannach Tithe ag Tionóntaí)

6.5 **Leithdháileadh Teaghaise a Dhiúltú/Iarchur ar Fhorais a bhaineann le hIompar Frithshóisialta.**

Diúltóidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin teaghais a leithdháileadh ar aon iaratasóir tithíochta nó déanfaidh an cinneadh déanamh amhlaidh a iarchur má theipeann ar an iaratasóir faisnéis a d'iarr an Chomhairle i ndáil le daoine atá nó a bheidh in aontíos leis, a chur ar fáil, agus is dóigh leis an gComhairle a bheith riachtanach le go mbreithneofaí an t-iaratas ina iomláine. Cuirfear an t-iaratasóir ar an eolas faoi na cúiseanna a bhí leis an diúltú/iarchur agus breithneofar an cinneadh seo nuair is deimhin leis an gComhairle go bhfuil an fhaisnéis ábhartha ar fad curtha ar fáil.

6.6 **Leithdháileadh Teaghaise a Dhiúltú/Iarchur ar Fhorais a bhaineann le Dea-Bhainistíocht Eastáit.**

Diúltóidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin teaghais a leithdháileadh ar aon iaratasóir tithíochta nó déanfaidh é a iarchur má mheasann sí go bhfuil cúis mhaith leis, ar fhorais a bhaineann le dea-bhainistíocht eastáit. Áireofar aon duine a bhfuil sé beartaithe aige maireachtáil sa teaghais leis an méid seo. Agus seo á chinneadh, breithneofar gach cás ina gceann is ina gceann agus cuirfear an t-iaratasóir ar an eolas maidir le cinneadh na Comhairle. Is féidir le hiarratasóir tithíochta a bhfuil a iaratas diúltaithe nó curtha siar an cinneadh a achomharc i scríbhinn taobh istigh de 21 lá. Féadfaidh iaratasóir iaratas a dhéanamh i scríbhinn go ndéanfar an cinneadh a (h)iaratas a dhiúltú a athbhreithniú gach dhá mhí dhéag. Féadfar an cinneadh a athbhreithniú de réir mar a oireann do chúinsí an iaratasóra nó an eastáit.

6.7 **Diúltú Teaghais a Dhíol ar Fhorais a bhaineann le Dea-Bhainistíocht Eastáit**

Diúltóidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin teaghais a dhíol le duine/ionónta má mheasann sí go bhfuil cúis mhaith leis, ar fhorais a bhaineann le dea-bhainistíocht eastáit, agus lena chois sin, diúltóidh sí cead a thabhairt an teaghais a dhíol/cheannach ar na forais chéanna. Cuirfear an duine/ionónta-cheannaitheoir agus an té a bhfuil sé i gceist aige an teaghais a cheannach ar an eolas faoi chinneadh na Comhairle. Beidh sé de cheart ag duine/ionónta atá ag déanamh iarratas ar theaghais a cheannach, ag tionónta-cheannaitheoir atá ag déanamh iarratas ar chead teaghais a dhíol, agus ag iaratasóir a lorgaíonn cead teaghais a cheannach agus a bhfuil a iaratas diúltaithe/iarchurtha, an cinneadh a achomharc i scríbhinn taobh istigh de 21 lá. Féadfaidh iaratasóir iaratas a dhéanamh i scríbhinn ar bhonn bliantúil chun go ndéanfar an cinneadh a (h)iaratas a dhiúltú a athbhreithniú.

6.8 Cúlra Frithshóisialta a Fhiosrú

Is cuid de straitéis choisccheach na Comhairle cinneadh a dhéanamh iarratas ar theaghais a dhiúltú nó a chur siar, mar a mhínítear thuas (6.3 go 6.7), d'fhonn a chinntiú nach leithdháiltear teaghais ar iarratasóirí a bhfuil baint acu le hiompar frithshóisialta ná nach gceadaítear dóibh teaghais a cheannach ón gComhairle. Ar an gcaoi chéanna, féadfar leithdháileadh teaghaise nó iarratais ar theaghais a cheannach a iarchur nó a dhiúltú ar fhorais a bhaineann le bainistíocht eastáit. Cuirtear in iúl don uile iarratasóir ar thithíocht Údaráis Áitiúil go mb'fhéidir go ndéanfadh an Chomhairle fiosrú i dtaobh a chúlra, faoi mar a thugtar le fios ar na foirmeacha iarratais tithíochta. Lena chois sin, síníonn an t-iarratasóir foirm toilithe. D'fhéadfadh freisin go gcuirfí in iúl d'iarratasóirí a fhaigheann tairiscintí ar chóiríocht go bhfuil an tairiscint faoi réir coinníollacha sonracha, e.g. fiosrú grinn a bheith déanta i dtaobh iompar frithshóisialta. Seo a leanas thíos an nós imeachta:

- (i) Iarrann an Chomhairle ar an nGarda Síochána nó ar ghníomhaireachtaí eile, más gá, fiosrú a dhéanamh i dtaobh iompar frithshóisialta. I scríbhinn a dhéantar an t-iarratas sin. Tá nósanna imeachta diana i bhfeidhm chun an fhaisnéis seo a iarraidh, a thaifeadadh, a stóráil, a choinneáil agus a choimeád slán sábháilte. Ní bhaintear aon úsáid as an bhfaisnéis seo ach amháin chun críocha Achtanna na dTithe, 1966 go 2014. D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar roinnt iarratasóirí tithíochta as dlínsí eile cáipéisíocht ábhartha a chur ar fáil maidir le fiosrú cúlra ón stáisiún Gardaí áitiúil acu.
- (ii) Má thagann eolas diúltach chun cinn san fhiosrú ar chúlra an iarratasóra nó más léir go bhfuil roinnt ceisteanna ann i dtaobh bainistíocht eastáit, d'fhéadfadh sa chás sin go n-iarrfaí air/uirthi freastal ar Halla an Chontae chun agallamh foirmeálta a dhéanamh.
- (iii) Déantar cinneadh an t-iarratas a dhiúltú nó a iarchur i bhfianaise Bheartas na Comhairle, stair an chiontaithe, líon agus tromchúis na gcionta, seoladh an agallaimh, aiféala, athshlánú agus fianaise a bheith ann go bhfuiltear ag dul i ngleic le fadhbanna; stair na dtionóntachtaí a bhí ann roimhe seo, oiriúnacht chun tionóntacht a bhainistiú agus cumas chuige sin; ceisteanna andúile má bhaineann le hábhar; agus ceisteanna a bhaineann le bainistíocht eastáit, lena n-áirítear ceantair thithíochta atá le seachaint.
- (iv) Is é an Cigire Sinsearach/Duine Údaraithe a dhéanann cinneadh iarratas a dhiúltú/iarchur. I scríbhinn a dhéantar an cinneadh sin agus tagairt ann don reachtaíocht a bhaineann le hábhar.
- (v) Is féidir an cinneadh seo a achomharc chun an Oifigigh Riaracháin ábhartha (Oifigeach na nAchomharc) i scríbhinn taobh istigh de 21 lá.
- (vi) Tá an fiosrú cúlra tábhachtach le hiompar frithshóisialta a chosc inár gcuid eastát. Bainfear úsáid as na prionsabail chéanna i ndáil le tithe a dhíol le tionóntaí, cead maireachtála, tionóntachtaí a aistriú, mainneachtain faisnéis a sholáthar, agus cuirfear i bhfeidhm iad le haghaidh an uile chineál tithíochta sóisialta a dtugtar tacaíocht di agus a bhaineann le hábhar.
- (vii) Caitear le gach cás ina gceann is ina gceann. Déantar gach agallamh a thaifeadadh i scríbhinn agus tairgtear na nótaí agallaimh don iarratasóir lena síniú.
- (viii) Seoltar agallaimh faoi rún. Mar sin féin, ar chúiseanna Sláinte agus Sábháilteachta, seoltar roinnt agallamh ag an gCuntar Tithíochta.
- (ix) Beifear an-chúramach nuair a bheidh teaghais á leithdháileadh ar fhorais a bhaineann le bainistíocht eastáit.
- (x) Feidhmeoidh an beartas seo i gcomhar le Scéim Leithdháilte na Comhairle.


Tugtar eolas thíos ar roinnt samplaí de dhea-chleachtas maidir le bainistíocht eastáit agus pobail inmharthanacha, faoi mar a bhaineann sé le teaghais a leithdháileadh:

- (a) Seachnóidh an Chomhairle teaghais a leithdháileadh don iomarca daoine den teaghlach céanna san eastát céanna.
- (b) Ní chuirfidh an Chomhairle tithe ar fáil d'iarratasóirí a díbríodh roimhe seo san eastát céanna as ar díbríodh iad.
- (c) Tabharfaidh an Chomhairle aird ar chomhtháthú sóisialta agus teaghais á leithdháileadh, le súil is go mbeidh pobail inmharthana ann.

Tuigeann an Chomhairle nach bhfuil cineálacha áirithe tithíochta agus tionachtaí oiriúnach do roinnt iarratasóirí de bharr riachtanais ar leith a bheith acu nó stair ar leith a bheith ag baint leo agus d'fhéadfadh go mbeadh sé níos oiriúnaí a n-iarratais a mheas faoi bheartais cheadaithe ar leithligh.

Téann gach iarratasóir atá gan dídean agus a thagann os comhair na Roinne Tithíochta chun cainte le Rannóg sa Chomhairle a phléann le Daoine atá gan Dídean. Déanann Rannóg na nDaoine gan Dídean measúnú ar iarratasóirí agus cuireann i gcóiríocht chuí iad; cóiríocht shealadach éigeandála taca/cóiríocht éigeandála/cóiríocht éigeandála phríobháideach. Tá sé seo ag teacht leis an bPlean Gnímh do Dhaoine gan Dídean le haghaidh Réigiún Bhaile Átha Cliath 2014 - 2016

Cb



Tá achoimre i léaráid 1.0 ar an nós imeachta a bhaineann le hiarrchur/diúltú agus an ceangal atá aige le samhail tithíochta do dhaoine gan dídean darb ainm *Pathway to Home*, mar aon le soláthar tacaíochta agus an Plean Gnímh do Dhaoine atá Gan Dídean.

Déanann an Rannóg Iompair Fhrithshóisialta idirchaidreamh leis an Rannóg Leasa agus/nó an Rannóg do Dhaoine Gan Dídean maidir le cinní a dhéanamh i ndáil le roghanna cuí bogadh ar aghaidh ó chóiríocht do dhaoine atá gan dídean i.e. Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos, Scéim Cóiríocht ar Cíos, Tionóntachtaí Chaibidil 4, Cóiríocht Shóisialta ar Cíos de chuid na nÚdarás Áitiúil agus an Chumainn Tithíochta, teaghais a chuirtear ar fáil tríd an Tionscnamh Léasa Tithíochta Sóisialta, an Clár Tithíochta Sóisialta maidir le Caiteachas Reatha (SHCEP) agus cineálacha ábhartha eile tithíochta. Tacaíochtaí nuair is cuí iad agus nuair atá siad ar fáil, e.g. bainfead leas as an tseirbhís chothaithe tionóntachta freisin.

6.9 Bagairtí/Imeaglu ar Fhostaithe na Comhairle

Ní ghlacfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le haon ionsaithe, bagairtí, imeaglu, bac, ciapadh ná cur isteach ar a cuid fostaithe atá bainteach le cur i bhfeidhm an bheartais de réir fhorálacha Achtanna na dTithe 1966 go 2014 agus breithneoidh sí imeachtaí dlí in aghaidh aon duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht dá leithéid. Tuairisceofar ionsaithe ar fhostaithe chuig an nGarda Síochána.

6.10 Scuatalaithe

Iarrfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin láithreach ar an nGarda Síochána cuidiú léi áititheoirí mídhleathacha teaghaise (scuatalaithe) atá ag gabháil d'iompar frithshóisialta a chur as an áit. Iarrfar ar bhall den Gharda Síochána a rá le duine dá leithéid an teaghais a fhágáil nó gabhfar é agus cuirfead an dlí air.

7.0 Nós Imeachta Gearán.

7.1 An Gearán a Thaifeadadh:

Tá córas ríomhaireachta gearán ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin chun déileáil le gearáin a bhaineann le hiompar frithshóisialta, mar a shainmhínítear le hAcht na dTithe, (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997, arna leasú. Déileáilfaidh an Rannóg Iompair Fhrithshóisialta taobh istigh den Roinn Tithíochta le gearáin dá leithéid.

- (a) Glactar le gearáin ar an bhfón/tríd an bhfacs nó i scríbhinn agus déantar na gearáin sin go léir a thaifeadadh ar an gcóras.
- (b) Is féidir gearáin a dhéanamh trí bhualadh isteach in oifig Dhún Laoghaire agus Dhún Droma chomh maith.
- (c) Mura mbeidh baill foirne ar fáil le labhairt leat, tá áis glórphoist nó foirmeacha gearáin ann.
- (d) Is féidir gearáin a dhéanamh ar líne ag www.dlrcoco.ie.
Níl Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin freagrach as sláine faisnéise atá ar an idirlíon agus molann modhanna traidisiúnta le gearáin a dhéanamh, mar a mhínítear thuas.

- Sa Phost

Cigire Sinsearach/Duine Údaraithe,
An Rannóg Iompair Fhrithshóisialta,
An Roinn Tithíochta
Halla an Chontae,
Bóthar na Mara,
Dún Laoghaire,
Co. Bhaile Átha Cliath.

- Ar an bhFón

2054807 (líne dhíreach),
01 nó
01 2054700, folíne 4112 nó
4112 nó 4117.
Facs 2801856

Is féidir gearáin a bhaineann le láithreáin stad agus le scéimeanna tithíochta grúpáilte a sheoladh nó a phlé:

- Sa Phost

Aonad Cóiríochta an Lucht Siúil,
An Roinn Tithíochta
Halla an Chontae,
Bóthar na Mara,
Dún Laoghaire,
Co. Bhaile Átha Cliath.

- Ar an bhFón

01 2054838

- (e) Baill foirne ardoilte a dhéileálann le gearáin.
- (f) An gearánach a thabharfar ar an duine a dhéanann an gearán.
- (g) An freagróir a thabharfar ar an duine faoina ndéanfar an gearán.
- (h) Is é an duine atá freagrach as na gearáin agus an rannóg a bhainistiú ná an Cigire Sinsearach/Duine Údaraithe.
- (i) Is iondúil gur sárú ar an gcomhaontú tionóntachta gearáin nach dtagann faoi scáth shainmhíniú Acht 1997, arna leasú, agus déanfar na gearáin sin a thaifeadadh ar an gcóras ríomhaireachta céanna.
- (i) Beidh ar roinnt gearánach freastal ar Halla an Chontae chun ráiteas scríofa a dhéanamh.
- (k) Ní dhéanfar gearáin ó dhaoine anaithnide a imscrúdú ach amháin i gcásanna eisceachtúla, áit a bhfuil comhthacaíocht ó ghníomhaireachtaí eile ann, agus de rogha na Rannóige Iompair Fhrithshóisialta.

- (l) Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun gearáin mhailíseacha a aithint agus déileáil leo mar is ceart nuair a thagann siad i gceist.
- (m) Tá córas na ngearán faoi rún agus déanfar sáriarracht céannacht an ghearánaigh a chosaint. Mar sin féin, ní ceart ann féin í an rúndacht de réir an dlí.
- (n) Tá srian ar rochtain ar an mbunachar gearán agus scríobhtar 'príobháideach agus faoi rún' ar an uile taifead scríofa agus cuirtear i dtaisce é, slán sábháilte.
- (o) Ní féidir a dheimhniú go gcosnófar an rúndacht san uile chás de bharr chineál an ghearáin. Ina dhiaidh sin féin, más dócha go bhfágfaidh cineál an ghearáin go gcuirfeadh céannacht an ghearánaigh i mbaol, ní rachfar ar aghaidh le himscrúdú ach amháin má thugann an gearánach a bheannacht go rachfaí.
- (p) D'fhéadfadh go dtiocfadh an Rannóg Iompair Fhrithshóisialta chomh fada le teach an ghearánaigh chun líomhaintí atá déanta a shoiléiriú.
- (q) Ag féachaint do leibhéal na n-acmhainní atá ar fáil, ní dhéanfar gearáin a dhéantar in aghaidh daoine anaithnide a imscrúdú.
- (r) Tugtar uimhir thagartha do gach gearán agus tabharfar an uimhir sin don ghearánach.

7.2 Rúndacht

Comhlíonfaidh an Chomhairle forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, go hiomlán. Cosnaítear faisnéis a thugann daoine don Chomhairle i dtaobh iompar frithshóisialta le hAlt 32 (1) agus Alt 35 d'Acht 2014.

Foráiltear le hAlt 32, inter alia, go bhféadfar iarraidh ar fhaisnéis a dhiúltú dá bhfágfadh rochtain ar an taifead go bhféadfaí, le réasún, a bheith ag súil le:-

- (a) dochar nó díobháil
 - (i) cosc, brath nó imscrúdú cionta, gabháil nó ionchúiseamh ciontóirí nó éifeachtacht modhanna, córas, pleananna nó nósanna imeachta dleathacha a úsáidtear chun críocha na nithe réamhráite,
 - (ii) forfheidhmiú, comhlíonadh nó riaradh aon dlí,
 - (iii) modhanna, córais, pleananna nó nósanna imeachta dleathacha chun sábháilteacht an phobail agus sábháilteacht nó slándáil daoine agus maoinne a chinntiú,
- (b) beatha nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol, nó
- (c) go n-éascófaí cion a dhéanamh.
Foráiltear le hAlt 35(1) go ndiúltófar iarraidh ar fhaisnéis:
 - (a) más rud é go bhfuil faisnéis sa taifead atá i gceist a tugadh do chomhlacht Saorála Faisnéise, faoi rún agus ar an mbonn tuisceana go ndéileálfadh sé leis i modh rúin (lena n-áirítear faisnéis den sórt sin a dúradh ar ceanglaíodh ar dhuine le dlí, nó a bhféadfadh an comhlacht, de bhun dlí, a cheangal air nó uirthi, í a thabhairt don chomhlacht) agus gurb é tuairim an chinn gur dóigh, dá nochtfaí í, go ndéanfaí dochar do thabhairt faisnéise eile dá shamhail don chomhlacht ag an duine céanna nó ag daoine eile agus go bhfuil sé tábhachtach don chomhlacht go leanfaí d'fhaisnéis eile dá shamhail den sórt sin a thabhairt don chomhlacht.

Beidh ar chumas chóras na ngearán an méid seo a leanas a thabhairt isteach ann:

7.3 An Gearánach.

- a) Ainm agus uimhir theileafóin an ghearánaigh.
- b) Tosca Riosca
- c) Cineál an ghearáin.
- d) Dáta an ghearáin.
- e) Dáta agus láthair na heachtra.
- f) Cibé acu ar tuairiscíodh nó nár tuairiscíodh an eachtra chuig na Gardaí agus gníomhaireachtaí eile.
- g) Sonraí fianaise eile, CCTV, nóta scríofa etc.
- h) Tuairimí an ghearánaigh ar cén beart ba chóir a dhéanamh.
- i) Taifead a bheith ann má tá ráiteas tugtha ag an ngearánach.
- j) Taifead a bheith ann go dteastaíonn ón ngearánach go gcoinneofaí a chéannacht faoi rún.
- k) Taifead a bheith ann go n-aithneofar an gearánach agus go gcuirfear comhairle air dá réir.
- l) Sonraí an oifigigh atá i mbun an imscrúdaithe
- m) An dáta a ndearna an gearánach teagmháil ar dtús.
- n) An dáta a dtosaíonn an t-imscrúdú.
- o) Sonraí an imscrúdaithe/na maoirseachta/chur de lámh an cháis.
- p) Sonraí na ngearán a chuirtear de lámh ar mhodh taifid amháin/comhairle a tugadh/foláirimh ó bhéal/litreacha foláirimh/caingean dlí/curtha ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí eile/réiteach aighnis.
- q) Stair thionóntachta an ghearánaigh/fhreagróra
- r) Sonraí maidir leis an ngearánach a choinneáil ar an eolas, ar an bhfón go hiondúil, nó sin, i scríbhinn.

7.4 An Freagróir

- a) Ainm agus seoladh an fhreagróra.
- b) Tosca Riosca
- c) Cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an freagróir ina dhuine fásta nó ina ógánach.
- d) Dáta agus láthair na chéad teagmhála (baile/Halla an Chontae)
- e) Dáta agus láthair an chéad agallaimh (baile/Halla an Chontae)
- f) Sonraí na ngníomhaireachtaí eile atá bainteach leis an scéal.
- g) Ainm an Gharda/Oibrí Shóisialta/na hEagraíochta Neamhrialtais/Gairmithe Eile, má bhaineann le hábhar.
- h) Sonraí iomlána an imscrúdaithe.
- i) Sonraí chur de lámh an cháis agus mar a coinníodh an freagróir ar an eolas.

7.5 Catagóiriú Gearán - Taifeadh agus Monatóireacht.

Beidh ar chumas an chórais dealú a dhéanamh idir daoine aonair agus teaghlaigh:

- a) Dealú idir tionóntaí reatha agus tionóntaí a bhí ann roimhe seo.
- b) Dealú idir líon na gcásanna agus líon na ngearán.
- c) Na gearáin a chatagóiriú mar a mhínítear thuas.
- d) Taifead uathoibríoch a dhéanamh nuair a tugadh gearán cothrom le dáta, sonraí an imscrúdaithe, agus beart a rinneadh chun iompar frithshóisialta a chomhrac.
- e) Stádas reatha an imscrúdaithe a aithint.
- f) Stair iomlán na ngearán a rinne an gearánach/freagróir agus a rinneadh in aghaidh an ghearánaigh/fhreagróra a thabhairt ann.
- g) Treochtaí iompair fhrithshóisialta a aithint.
- h) Tuarascálacha a dhéanamh agus staitisticí a thaispeáint maidir le hiompar frithshóisialta chun críocha na monatóireachta.
- i) Idirphlé le rannóga eile den Rannóg Tithíochta, atá ar chóras ríomhaireachta. Taifid bhreise atá le coinneáil.
- j) Tras-scríobh ar ghearáin i dtaobh iompar frithshóisialta.
- k) Miontuairiscí comhdhálacha intí cáis ar iompar frithshóisialta.
- l) Miontuairiscí cruinnithe le gníomhaireachtaí seachtracha.
- m) Cóipeanna den chomhfhreagras scríofa uile agus cáipéisíocht ábhartha.
- n) Miontuairiscí agallamh le freagróirí agus gearánaigh, lena n-áirítear gach ráiteas ábhartha, dáta agus am na n-agallamh, na daoine a bhí i láthair, agus na hoifigigh a bhí i mbun na n-agallamh.
- o) Sonraí aon fhianaise a bailíodh agus láthair na bhfoilseán agus cóipeanna den méid céanna má bhaineann le hábhar.
- p) Déanfar na taifid thuasluaite a chomhadú dá réir, cuirfear faoi ghlas iad agus beidh rochtain shrianta orthu.
- q) Beidh pasfhocal ag gabháil le taifid uile an bhunachair sonraí ar iompar frithshóisialta beidh rochtain shrianta orthu.
- r) Coinneofar na taifid go léir de réir Bheartas Coinnithe na Comhairle, an Achta Cosanta Sonraí 1988, arna leasú, agus Cód Cleachtais na Comhairle maidir le Cosaint Sonraí.
- s) Déanfar catagóiriú ar gach gearán agus tabharfar tosaíocht do ghearáin áirithe seachas a chéile. Tionscnófar imscrúdú laistigh de 15 lá más gá nó a mhéid atá na hacmhainní ann chuige sin.

Seo a leanas Samplaí de Ghearáin a fhaightear:

Catagóir	Rangú	Toscht
Drugaí	1	Ardtosaíocht
Foréigean	2	Ardtosaíocht
Damáiste do mhaoin	3	Ardtosaíocht
Ciníochas	4	Ardtosaíocht
Bagairtí agus Imeaglú	5	Ardtosaíocht
Torann	6	Tosaíocht atá níos ísle ar an liosta
Aighnis Teorann/Pháirceála	7	Tosaíocht atá níos ísle ar an liosta
Éagsúil	8	Tosaíocht atá níos ísle ar an liosta

Tiocfaidh cuid de na gearáin seo faoi scáth shainmhíniú an iompair fhrithshóisialta mar a shainmhínítear é faoi Acht 1997 agus beidh cuid acu lasmuigh den sainmhíniú sin ach is ionann iad agus sárú ar an gComhaontú Tionóntachta mar sin féin.

- t) Cuirfear an gearánach ar an eolas maidir le dul chun cinn an imscrúdaithe.
- u) Maidir le cásanna a thagann chun cinn arís is arís eile, tabharfar foirm chaighdeánaithe lena n-aghaidh sin don ghearánach chun na sonraí go léir a bhaineann le hiompar frithshóisialta a thaifeadadh d'fhonn cuidiú le caingeán dlí a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Sna cásanna seo, d'fhéadfadh go n-iarrfaí ar an ngearánach freastal ar Halla an Chontae chun agallamh sonraithe a dhéanamh. Lena chois sin, cuirfear san áireamh daoine a bhfuil gearáin faighte ina n-aghaidh ar bhonn leanúnach mar chuid de chur chuige Ilghníomhaireachta i gcomhar leis an nGarda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus/nó Tusla sa chás go meastar gur cuí sin.

7.6 **Torann**

Fadhb choitianta is ea an iomarca torainn a bheith le cloisteáil as teaghais agus mura féidir teacht ar chomhréiteach, beidh ar ghearánach iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche ar Ordú Laghduithe Torainn de réir Alt 108 den Acht um Chaomhnú an Chomhshaoil, 1992. Má tá torann mór a dhóthain ann agus má leanann leis agus má bhíonn sé le cloisteáil go rialta, féadfaidh an Rannóg Iompair Fhrithshóisialta an cás a imscrúdú mar go bhféadfadh gur sárú é ar an gcomhaontú tionóntachta. Déanfar cásanna a bhaineann le madraí a thaifeadadh agus a chur ar aghaidh chuig Rannóg na Seirbhíse Cathrach agus chuig an Maor Madraí.

7.7 **An Gearán a Imscrúdú:**

Déanfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin gach gearán a imscrúdú ar bhealach cóir, neamhchlaonta agus oibiachtúil. D'fhéadfadh fiosrúcháin i dteannta gníomhaireachtaí reachtúla eile a bheith i gceist leis seo, de réir alt 15 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), arna leasú, agus dul i gcomhairle le tionóntaí/cónaitheoirí agus le coistí cónaitheora. Féadfaidh an Chomhairle fiosrúcháin a dhéanamh ó theach go teach in eastáit chun finnéithe a aithint. I roinnt cásanna, féadfaidh an Chomhairle leas a bhaint as córais follais agus córais cheilte CCTV chun fianaise ar an iompar frithshóisialta a fháil.

Ní cuirfear ógánaigh faoi agallamh ach amháin más gá sin a dhéanamh mar gheall ar an gcás agus má fhaightear cead ó thuismitheoirí/chaomhnóirí, a chaithfidh a bheith i láthair.

Féadfar agallamh a chur ar an bhfreagróir ina theaghais/teaghais féin, nó, i roinnt cásanna, in oifigí na Comhairle. Má theipeann ar an bhfreagróir glaochártaí a fhreagairt, cuirfear in iúl don fhreagróir i scríbhinn go bhfuil líomhaint i dtaobh iompar frithshóisialta faighte ag an gComhairle agus iarrfar ar an bhfreagróir teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle. Cuirfear na líomhaintí ar fad faoi bhráid an fhreagróra agus tabharfar an bunachar sonraí cothrom le dáta agus aon tuairimí atá nochta ann. Cuirfear in iúl don fhreagróir gur féidir le cara nó ionadaí eile a bheith ina theannta/teannta ag an agallamh. Mar sin féin, míneofar d'aon chara nó d'aon ionadaí a bheidh i láthair go gcaithfidh siad iad féin a chur in iúl agus a n-ainm agus a seoladh a thabhairt, agus nach féidir leo cur isteach ar an agallamh ar aon bhealach. Beidh siad ann chun aon deacrachtaí cumarsáide idir an t-agallóir agus an t-agallaí a éascú. Déanfar aon fhreagraí a thabharfar a imscrúdú agus a chur san áireamh, de réir mar is cuí.

I gcásanna tromchúiseacha, cuirfear an freagróir faoi agallamh i Halla an Chontae. Déanfaidh an Chomhairle a seacht ndícheall chun daoine atá faoi mhíchumas a éascú agus cinnteoidh go mbeidh daoine fásta/ateangairí cuí i láthair ag an agallamh. Cuirfear a chuid/cuid cearta in iúl don fhreagróir agus tabharfar nótaí breactha an agallaimh dó/di lena síniú. Measfar freagróir a dhiúltóidh freastal ar agallamh nó a dteipfidh air ceisteanna nó imscrúdú na Comhairle a fhreagairt nó a chuirfidh bac nó treampán ar imscrúdú na Comhairle, gan a bheith comhoibríoch agus is féidir leis an gComhairle an tátal sin a bhaint as a iompar.

Is féidir seasamh le gearán in aghaidh aon duine a dteipeann air freagairt d'imscrúdú. Má tá forais réasúnta ag an Rannóg Iompair Fhrithshóisialta lena chreidiúint go bhfuil baint ag an bhfreagróir le hiompar frithshóisialta nó go bhfuil a chomhaontú/comhaontú tionóntachta sáraithe aige/aici, déileálfar leis an gcás ar cheann ar bith de na bealaí seo a leanas, nó ar na bealaí seo a leanas ar fad:

7.8 **Cás a Dhiúscairt**

Nuair a bheidh gearán ábhartha faighte sa Rannóg Fhrithshóisialta, imscrúdófar an cás agus cuirfear ceann nó níos mó de na gníomhartha seo a leanas.

- a) Gan aon Ghníomh Breise a dhéanamh
Má tá forais réasúnta ag an Rannóg Fhrithshóisialta lena chreidiúint nach bhfuil aon bhunús leis an ngearán nó go bhfuil an gearán mailíseach, ní dhéanfar aon gníomh breise in aghaidh an fhreagróra.
- b) Comhairle a Thabhairt
Is iondúil go dtugtar comhairle sa chás go bhfuil an dá pháirtí mícheart agus gur gearán neafaiseach atá sa ghearán. Sin a dhéantar freisin má bhíonn leanaí an-óg atá faoi bhun aois na freagrachta coiriúla i gceist i ngearán. Sa chás sin, is fearr comhairle a thabhairt agus na daoine atá i gceist a chur ar aghaidh go dtí na gníomhaireachtaí cuí.

- c) Tarchur chuig Seirbhís Leasa Tithíochta/Chothaithe Tionóntachta
I roinnt cásanna, bíonn teaghlach ann a mbíonn riachtanais leasa chasta acu, nó bíonn ceisteanna meabhairshláinte ann, fadhbanna andúile, foréigean baile. Is léir go dteastaíonn tacaíocht agus cúnamh ó theaghlach atá sa chás sin. Is féidir na cásanna seo a tharchur chuig Seirbhís Leasa Tithíochta na Comhairle nó Seirbhís Chothaithe Tionóntachta na Comhairle le cúnamh agus comhairle is cuí a fháil. Déanann an Rannóg cásanna a tharchur freisin chuig Eagraíochtaí Neamhrialtais agus chuig Comhlachtaí Deonacha Tithíochta chomh maith maidir le sainchúnamh agus saintacaíochtaí.
- d) Tarchuir chuig Gníomhaireachtaí eile amhail na Gardai/Tusla/Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Tá roinnt gearán chomh tromchúiseach sin go gcuirtear an gearánach ar aghaidh láithreach chuig an nGarda Síochána agus/nó chuig Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach). Is iondúil gur gearáin a bhaineann le mangaireacht drugaí as teaghais inár gcuid eastát agus ceisteanna maidir le cosaint leanaí a bhíonn i gceist leo seo. Tá Beartas na Comhairle maidir le ceisteanna cosanta leanaí ar fáil do bhaill foirne a thagann ar an eolas faoi eachtraí dá leithéid.
- e) Réiteach Aighneas
Tá idirghabhálaithe oílte ar fáil ag an Rannóg Fhrithshóisialta chun cabhrú le haighnis idir comharsana a réiteach. D'éirigh leis an gcur chuige seo san am a caitheadh agus tá a leithéid de sheirbhís ar fáil do dhaoine a bheadh sásta páirt a ghlacadh ann.
- f) Foláireamh ó Bhéal
Is iondúil go mbíonn sé seo i gceist an chéad uair a dhéanann duine cion neafaiseach.
- g) Comhaontuithe Foirmeálta/Conarthaí Iompair Inghlactha
Tagann siad seo i gceist sa chás go mbíonn comhaontú idir an tÚdarás Áitiúil agus an freagróir go stadfar den drochiompar ar fad.
- h) Fógra Litreach Tionóntachta
Is iondúil nach dtagann sé i gceist ach amháin i gcás cion níos tromchúisí. Tugtar fógra roimh ré don tionónta go bhfuil sé/sí (nó ball dá theaghlach/teaghlach) ag sárú an Chomhaontaithe Tionóntachta agus go bhfuil an baol ann go bhfaighidh sé/sí Foláireamh Tionóntachta.
- i) Foláireamh Tionóntachta
Má leantar den drochiompar, féadfar Foláireamh Tionóntachta a eisiúint (Alt 7 d'Acht na dTithe [Forálacha Ilghnéitheacha], 2014. Cuirtear in iúl don tionónta/do na tionóntaí san Fholáireamh Tionóntachta gurb é tuairim na Comhairle go bhfuil sárú déanta aigesean/aicise/acusan nó ag baill dá dteaghlach ar an gcomhaontú tionóntachta. Sonraítear sa cháipéis na téarmaí atá sáraithe agus cuirtear in iúl don tionónta/do na tionóntaí cé na gníomhartha ba cheart a dhéanamh chun nach mbeidh baol ann go dtionscnóidh an Chomhairle caingean dlí d'fhonn an mhaoin a shealbhú. Tá sé de cheart ag an tionónta/na tionóntaí athbhreithniú a lorg ar an gcinneadh Foláireamh Tionóntachta a eisiúint mura nglacann seisean/sise leis gur sáraíodh an comhaontú tionóntachta. Caithfidh an tionónta (a) na forais a bhaineann le heasaontú leis an bhFoláireamh Tionóntachta a mhíniú san iarraidh ar athbhreithniú, agus
(b) a rá cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an tionónta nó ball dá theaghlach nó dá teaghlach ag iarraidh cur i láthair ó bhéal a dhéanamh mar chuid den athbhreithniú. Ní foláir don Rannóg Tithíochta an iarraidh ar athbhreithniú a fháil taobh istigh de 10 lá. Féadfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin 10 lá oibre breise a chur leis an tréimhse sin de bharr imthosca maolaitheacha, mar a fhorordaítear sa reachtaíocht. Ní bheidh baint ag an Oifigeach Athbhreithnithe, a cheapfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, leis an gcinneadh an Foláireamh Tionóntachta a eisiúint agus beidh sé níos sinsearaí ó thaobh gráid de ná an duine a d'eisigh an Foláireamh Tionóntachta.
- j) Tarchuirtear chuig Comhdháil Intí Cáis
Bíonn Comhdháil Intí Cáis ann ar bhonn rialta chun roghanna a bhaineann le cásanna a phlé. Freastalaíonn foirne na Rannóige Iompair Fhrithshóisialta uirthi, chomh maith le lucht Bainistíochta Sinsearaí Tithíochta agus ranna ábhartha eile taobh istigh den Rannóg Tithíochta. Tabharfar cuireadh do ghníomhaireachtaí a bheith i láthair nuair is cuí.

7.9 Caingean Dlí

Lena chois sin, beidh Comhdhálacha Intí Cáis ann i gcásanna tromchúiseacha chun caingean dlí a d'fhéadfadh a bheith i gceist a chinneadh sa chás go bhfuil Foláireamh Tionóntachta eisithe agus go leantar den sárú tionóntachta nó go ndéantar sárú an athuir taobh istigh de 12 mhí. I gcásanna práinneacha, i.e. sa chas go bhfuil éifeacht thromaí chun dochair ag duine a bhfuil gearán suite déanta ina aghaidh ar chaighdeán na beatha acu siúd atá ag cónaí sa teaghais, féadfar comhdháil Intí cáis a ghlaoch sa chás sin freisin d'fhonn caingean dlí a d'fhéadfadh a bheith i gceist a chinneadh, gan Fógra Tionóntachta nó Foláireamh Tionóntachta a eisiúint ar dtús. Cinnfear na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann i ngach cás ag an gcomhdháil cáis, i.e.

- I. Tarchurtha ar ais - féadfar an cás a tharchur ar ais chuig an Rannóg Fhrithshóisialta le haghaidh tuilleadh fiosrúchán
- II. Iarratas a dhéanamh ar Ordú Eisiata sa chás go bhfuil cur chuige dírithe níos feiliúnaí - Má dhéantar cinneadh

gur cheart Ordú Eisiata a iarraidh, cuirfear an méid sin in iúl don tionónta/ceannaitheoir ábhartha dá réir. Ina dhiaidh sin féin, mura ndéanfaidh an tionónta/ceannaitheoir ábhartha, de bharr foréigin, bagartha nó faitís, iarratas ar Ordú Eisiata, féadfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin iarratas a dhéanamh ar an ordú sin tar éis di dul i gcomhairle leis an tionónta/gceannaitheoir ábhartha (Féach 7.10).

- III. Iarratas Sealbhaithe a Thionscnamh chun na Cúirte Dúiche - faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014 nó tabhairt faoi thionóntacht a fhoirceannadh nó trí reachtaíocht eile.

Anuas air sin, féadfar caingean dlí a bhreithniú i gcásanna a bhaineann le mangaireacht drugaí i dteaghais nó in eastát agus déanfar cúinsí eile, amhail líon na ngearán, litreacha a eisíodh, lena n-áirítear Foláirimh Tionóntachta, tionchar na mangaireachta ar íospartaigh, cineálacha difriúla iompair, tuairimí an Gharda Síochána agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a chur san áireamh. Iarrfaidh an Chomhairle cúnamh an Gharda Síochána i ngach cás dlí lena mbaineann lompár Frithshóisialta.

7.10 Prótacail a Rialáonn Iarratais ar Orduithe Eisiata:

- a) Is ag Comhdháil Intí Cáis a dhéanfar an cinneadh.
- b) Is chun leas na dea-bhainistíochta eastáit a bheidh sé.
- c) Beidh próiseas cuí ann ina dhiaidh i gcónaí.
- d) Beidh na nósanna imeachta go léir cóir agus neamhchlaonta agus tabharfar deis don fhreagróir aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chun an cinneadh atá á bhreithniú a achomharc.
- e) Is le Príomhordú Feidhmiúcháin a údarófar na himeachtaí.
- f) Rachfar i gcomhairle leis an nGarda Síochána.
- g) Beidh an nós imeachta de réir Alt 3 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997, arna leasú.
- h) Rachfar i gcomhairle leis an tionónta (na tionóntaí)/gceannaitheoir ábhartha i scríbhinn.
- i) Rachfar i gcomhairle leis an bhfreagróir i scríbhinn.
- j) Tabharfaidh an Garda Síochána, Oifigigh Chomhairle agus, i roinnt cásanna, finnéithe ábhartha, fianaise uathu.
- k) Beidh deis ag an bhfreagróir finnéithe a chroscheistiú.
- l) Seachnófar dúbláil iarrachta gníomhaireachtaí eile i.e. (más faoi réir ASBO ag an nGarda Síochána a bheifear, ní bheidh feidhm ag Orduithe Eisiata ach amháin in imthosca eisceachtúla).
- m) Mairfidh an tOrdú trí bliana ach amháin i gcásanna nach bhfuil chomh tábhachtach céanna.
- n) Bainfidh an tOrdú leis an teaghais agus leis an eastát agus le haon teaghais agus eastát ábhartha eile, de réir mar a mheasfaidh an Chomhairle a bheith riachtanach, de réir an dlí.
- o) Déanfar monatóireacht rialta ar an gcás ar leibhéal na comhdhála intí cáis agus, thairis sin, ar bhonn bliantúil.
- p) Féadfaidh an Chomhairle iarratas a dhéanamh an t-ordú a athrú am ar bith.
- q) Déanfar aon sárúithe ar an Ordú a tharchur chuig an nGarda Síochána chun an tOrdú a chur i bhfeidhm.
- r) Leasófar Comhaontuithe Tionóntachta in am trátha sa tslí is gur sárú tromchúiseach ar an gcomhaontú tionóntachta a bheidh ann má éascaíonn aon duine sárú ar an Ordú Eisiata.
- s) Féachfaidh an Chomhairle le cur i bhfeidhm Ordú Eisiata a chíoradh i ngach cás más indéanta sin.
- t) Beidh feidhm ag na nósanna imeachta seo freisin maidir le tionóntaí Chaibidil 4 agus tabharfar fógra don tiarna talún i scríbhinn i dtaobh aon iarratais.
- u)

Beidh, ar a laghad, 14 lá i gceist chun fógra a thabhairt, de réir Alt 25 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

7.11 Prótacail a rialaíonn Iarratais Sealbhaithe chun na Cúirte Dúiche/Foirceannadh tionóntachtaí


- a) Is ag Comhdháil Intí Cáis a dhéanfar an cinneadh.
- b) Beidh próiseas cuí ann ina dhiaidh i gcónaí.
- c) Beidh an cinneadh féachaint le tionóntacht a fhoirceannadh chun leas na dea-bhainistíochta eastáit.
- d) Cé is moite de chásanna práinneacha tromchúiseacha, arna lua i 7.9 thuas, agus de réir 12(3)(b) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014, beidh Foláireamh Tionóntachta eisithe ar an tionónta (na tionóntaí) cheana agus deis tugtha dóibh aighneachtaí a dhéanamh agus an cinneadh atá á bhreithniú a achomharc.
- e) Is le Príomhordú Feidhmiúcháin a údarófar déanamh Iarratais Sealbhaithe chun na Cúirte Dúiche nó foirceannadh tionóntachta trí mhodhanna dleathacha eile.
- f) Sonrófar in Ordú Sealbhaithe, má dheonaíonn an Chúirt é, dáta tosaigh na tréimhse ar lena linn a bhfuil sé de cheart ag an gComhairle an mhaoin a athshealbhú.
- g) Rachfar i gcomhairle leis an nGarda Síochána.
- h) Foirceanntar an tionóntacht ar an dáta a n-athshealbhaíonn an Chomhairle an mhaoin faoin Ordú, de réir Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014. Mar sin féin, sa chás go n-iarrtar sealbhú faoi reachtaíocht eile, is trí Sheirbheáil Fógra Fágála a dhéanfar foirceannadh tionóntachta.
- i) Beidh modhanna dleathacha eile ar fáil, amhail imeachtaí Eisiachtana Sibhialta nó Iarratais go díreach chun na Cúirte Cuarda.
- j) Déanfar gach fógra a sheirbheáil ar an tionónta (na tionóntaí) de láimh ar dtús. Má theipeann air sin, is tríd an bpost cláraithe a dhéanfar amhlaidh; má theipeann air sin, é a fhágáil ag an seoladh.
- k) Déanfaidh an Chomhairle seo fianaise a thabhairt ar aird maidir le hiompar frithshóisialta faoi Alt 21 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 arna leasú, trína dtabharfaidh Oifigigh Chomhairle agus baill den Gharda Síochána an fhianaise.
- l) Beidh deis ag an bhfreagróir finnétithe a chroscheistiú.
- m) Déanfar tionóntachtaí lena mbaineann an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, a fhoirceannadh trí fhógra Foirceanta ag an Tiarna Talún de réir Alt 34 den Acht.

7.12 Prótacail a rialaíonn tarchur chuig an Sirriam agus Díbirt

- a) Ach a bhfaighidh an Chomhairle Ordú Sealbhaithe, eagrófar comhdháil cáis réamhdhíbeartha intí.
- b) Déanfar cinneadh ag an gcomhdháil intí cáis seo lena bhreithniú an ndéanfar an díbirt.
- c) Breithneofar gearáin leanúnacha, tromchúis na staire, an tionchar ar an bpobal, agus tosca ábhartha eile.
- d) Má dhéantar cinneadh an tionónta a dhíbirt, déanfar an chás a tharchur chuig Sirriam an Chontae.
- e) Is le hOrdú ón bPríomhfheidhmeannach a údarófar an cinneadh seo.
- f) Ullmhófar ráiteas do na meáin i bhformhór cásanna.
- g) Sa chás gur cuí é, rachfar i gcomhairle le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Tusla agus/nó An Garda Síochána.
- h) Rachfar i gcomhairle le Foireann Leasa na Comhairle agus le lucht seirbhísí do dhaoine gan dídean.
- i) Eagróidh an Cigire Sinsearach/Duine Údaraithe an díbirt agus déanfaidh idirchaidreamh leis an Sirriam agus An Garda Síochána.

- j) Freastalóidh Baill na Rannóige Frithshóisialta ar an díbirt.
- k) Beidh éadaí cosanta ar fáil ar fhorais Sláinte agus Sábháilteachta.
- l) Déanfar measúnú riosca i ngach cás.
- m) Ach a mbeidh an díbirt déanta, cumhdófar an teaghais le cláir adhmaid.
- n) Nótálfar an uile teaghais atá faoi réir athshealbhú, cibé acu trí ghéilleadh nó trí dhíbirt, chun a chinntiú nach ndéanfar an teaghais a leithdháileadh ar theaghlaigh fhrithshóisialta.
- o) Is féidir le tionóntaí a dhíbrítear de bharr iompar frithshóisialta iad féin a chur ar liosta feithimh na Comhairle ach ní leithdháilfear teaghais eile orthu mura deimhin leis an gComhairle go bhfuil siad tar éis dul i ngleic leis na ceistanna a raibh baint acu leis an iompar frithshóisialta.
- p) Idir an dá linn, oibreoidh Foireann Leasa na Comhairle agus an tseirbhís do dhaoine gan dídean leis an teaghlach chun a chinntiú go bhfuil athshlánú déanta acu dá réir.

8.0 Próiseas Cinnteoireachta



9.0 Aistriú ar fhorais a bhaineann le dea-bhainistíocht eastáit

Ní bhreithneofar iarrataí ar fhorais a bhaineann le dea-bhainistíocht eastáit ach i gcásanna eisceachtúla, áit a bhfuil bagairt thromchúiseach ar bheatha duine nó bagairt damáiste thromchúisigh do mhaoin i gceist. Caithfidh an t-iompar a bheith suntasach agus seasmhach agus caithfidh aon athshuíomh a bheith chun leas na dea-bhainistíochta eastáit. Ní haon áibhéil a rá gur tearc iad cásanna dá leithéid seo.

Tiocfaidh na coinníollacha seo i leanas i bhfeidhm:


- i. Déanfaidh an Rannóg Iompair Fhrithshóisialta an iarraidh a imscrúdú.
- ii. Is iondúil go n-iarrfar comhthacaíocht ón nGarda Síochána chun tacú leis an aistriú.
- iii. Déanfaidh an Cigire Sinsearach/Duine Údaraithe moladh.
- iv. Má dhiúltaítear don iarraidh, tabharfar fógra don iarratasóir i scríbhinn agus deis aige achomharc a dhéanamh.
- v. Má cheadaítear an iarraidh, beifear an-chúramach go deo agus teaghais nua á leithdháileadh.

10.0 Táscairí Feidhmíochta na Tuarascála Bliantúla

Foilseoidh an Rannóg Iompair Fhrithshóisialta an t-eolas seo a leanas i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle:


- Líon na gcásanna Frithshóisialta a fuarthas
- Líon na bhFoláireamh ó Bhéal a eisíodh
- Líon na bhFógraí Tionóntachta a eisíodh
- Líon na bhFoláireamh Tionóntachta a eisíodh
- Líon na nOrduithe Sealbhaithe a deonaíodh sa Chúirt
- Líon na nOrduithe Eisiata a fuarthas.
- Líon na n-athshealbhuithe/ndíbirtí a bhain le hiompar Frithshóisialta
- Líon na dteaghaisí a géilleadh in áit gníomh dlí

Tábla 2. Achoimre ar líon na gcásanna iompair fhrithshóisialta.




Bliain	Cásanna ASB	%+-
2010	127	76%+
2011	136	7%+
2012	105	22%-
2013	96	8.5%-
2014	106	10.4%+
2015	73	31%-

Tábla 3. Achoimre ar líon na nOrduithe Eisiata a fuarthas.



Bliain	Orduithe Eisiata
2010	4
2011	0
2012	0
2013	3
2014	2
2015	4

Tábla 4. Achoimre ar líon na ndíbirtí a rinneadh.



Bliain	Díbirtí
2010	3
2011	0
2012	0
2013	0
2014	1
2015	0

11.0 Sláinte agus Sábháilteacht na mBall Foirne

Bíonn ar bhaill foirne a oibríonn sa réimse déileáil le foréigean agus le hionsaí agus dá bhrí sin, is féidir imní a bheith ann i dtaobh ceisteanna a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht. D'fhonn sláinte agus sábháilteacht na foirne a chinntiú a oiread agus is indéanta é, tá na straitéisí seo a leanas glactha ag an rannóg

- Cuirtear oiliúint ar fáil i gcúrsaí agus i réimsí a bhaineann le bainistíocht feirge, scileanna agallaimh, cumarsáid idirphearsanta, scileanna idirghabhála, agus garchabhair.
- Cuirtear éadaí cosanta ar fáil.
- Sa chás gur gá é a dhéanamh ar chúiseanna sábháilteachta, oibreoidh baill foirne ina mbeirteanna go hiondúil.
- Glaofar ar an nGarda Síochána chun cabhair a thabhairt i roinnt cásanna.
- Iarrfar ar chiontóirí foréigneacha freastal ar Halla an Chontae chun agallamh a dhéanamh, áit a mbeidh an timpeallacht slán, sábháilte.
- Tá comhairleoireacht agus cúnamh leighis ar fáil do bhaill foirne más gá.
- Déantar monatóireacht ar riachtanais oiliúna agus ar fhorbairt phearsanta na foirne ar bhonn míosúil i scéim PMDS na Comhairle.
- Ní dhéantar baill foirne a bhabhtáil ach go fíorannamh, a oiread agus is féidir é, chun a chinntiú go gcoimeádtar bunscileanna agus bunchumais laistigh den rannóg.
- Déantar measúnuithe riosca go rialta maidir le gearáin faoi leith agus sula ndéantar gaoch amach.
- Tá leabhráin oiliúna ar fáil do bhaill foirne maidir le déileáil le hIompar Frithshóisialta.

- k) Tá leas bainte as cúrsaí áirithe ag baill foirne chun déileáil le hiompar Frithshóisialta.
- l) Moltar do bhaill foirne a dtuairimí a roinnt maidir le bealaí nua a d'fhéadfadh a bheith ann chun déileáil le hiompar frithshóisialta.

12.0 Seirbhísí do Chustaiméirí/ Achomhairc

Tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tiomanta do sheirbhís ardchaighdeán a chur ar fáil dá tionóntaí agus don phobal. Leanfaidh an rannóg iompair Fhrithshóisialta uirthi ag cur comhairle ar an bpobal agus ar a cuid tionóntaí maidir le hathruithe suntasacha ar reachtaíocht nó ar bheartais na Comhairle maidir le déileáil le hiompar frithshóisialta. Leanfaidh an Chomhairle uirthi ag bualadh le tionóntaí, cumainn chónaitheoirí agus fóraim bhainistíochta eastáit ar bhonn rialta agus fógróidh sí a cuid seirbhísí agus an cúnamh is féidir léi a chur ar fáil chun caighdeán beatha daoine a fheabhsú sna heastáit uile dá cuid.

Tá córas smachtaithe cáilíochta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta agus imscrúdú na Rannóige Iompair Fhrithshóisialta oibiachtúil agus déanta de réir na córa. Socróidh an Chomhairle go ndéanfar iniúchadh seachtrach neamhspleách gach bliain chun an próiseas/chinnteoireacht a bhaineann le sampla ionadaíoch de chásanna frithshóisialta a scrúdú go hoibiachtúil. Déantar é seo chun a chinntiú go bhfuil na gníomhartha a dhéanann an Rannóg de réir na Straitéise seo agus go bhfuil tuilleadh fiosraithe déanta de réir mar is cuí.

Beidh freagracht ar oifigeach ainmnithe a bhaineann le grád Oifigigh Riaracháin ar a laghad maidir le comhaontú a bhaint amach le tionóntaí/ceannaitheoirí ábhartha agus lenár gcuid custaiméirí ar fad mura bhfuil siad sásta le torthaí aon imscrúdaithe nó mura bhfuil siad sásta le hobair agus le nósanna imeachta na Rannóige Iompair Fhrithshóisialta.

Sa chás go bhfaigheann an Chomhairle iarrataí bailí ar athbhreithniú cinnidh a dhéantar faoin mbeartas seo, déanfaidh Oifigeach Athbhreithnithe, a bhfuil grád níos sinsearaí aige ná an bunofigeach agus nach raibh baint aige leis an mbunchinneadh, an cás a imscrúdú. Tá Nós Imeachta Gearán Corparáideach na Comhairle ar fáil freisin do dhaoine nach bhfuil sásta leis an tseirbhís a sholáthraíonn an Rannóg Iompair Fhrithshóisialta. Cuirtear oiliúint ar an bhfoireann ar fad maidir le prionsabail dea-chúram custaiméirí agus déanann an rannóg sáriarracht a cuid dualgas a dhéanamh de réir sárchaighdeán agus dea-chleachtais.

Is féidir aon ghearán/achomhairc in aghaidh na Rannóige a sheoladh chuig:

**An tOifigeach Riaracháin,
An Rannóg Iompair Fhrithshóisialta,
An Roinn Tithíochta
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
Halla an Chontae,
Bóthar na Mara,
Dún Laoghaire,
Co. Átha Cliath.**

Mar fhocal scoir, ní chuireann nósanna imeachta gearán agus achomharc na Comhairle isteach ar cheart duine go ndéanfaidh Oifig an Ombudsman athbhreithniú ar a ggearán/gearán.

Aon duine atá míshásta leis an gcaoi ar dhéileáil an Chomhairle Contae lena ggearán/gearán, a (h)iarratas ar thithíocht nó a (h)achomharc, is féidir leis an duine sin é a tharchur chuig Oifig an Ombudsman ag:

Oifig an Ombudsman, 18
Sráid Líosain Íochtair,
Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: 01 6395600
Ríomhphost: ombudsman@ombudsman.gov.ie

5.0 Comhaontú Tionóntachta agus Reachtaíocht

5.1 Comhaontú Tionóntachta

Síníonn gach Údarás Áitiúil comhaontú tionóntachta nuair a leithdháiltear teaghais. Tá sraith rialacha sa chomhaontú tionóntachta samplach thíos maidir le hiompar frithshóisialta agus meastar sárúithe ar na rialacha seo a bheith tromchúiseach agus imscrúdóidh an Rannóg Iompair Fhrithshóisialta iad. Tugtar lámhleabhar tionónta do gach tionónta, áit a gcuirtear in iúl cé na hoibleagáidí atá ar an tionónta i ndáil leis an gcomhaontú tionóntachta. Mínítear na hoibleagáidí seo do thionóntaí le linn cúrsaí Réamhthionóntachta/Eolais do Thionóntaí Nua.

Sampla de Théarmaí agus de Choinníollacha a bhaineann le hiompar frithshóisialta atá i gcomhaontú tionóntachta na Comhairle (tabhair ar aird: is le Meitheamh 2016 a bhaineann an sampla seo a leanas):

7. Núis agus Iompar Frithshóisialta

1.1 Ní dhéanfaidh an Tionónta aon rud ná ní chuirfidh sé faoi deara ná ní dhéanfaidh sé ná ní cheadóidh sé d'aon Bhall de Theaghlach an Tionónta gabháil d'Iompar Frithshóisialta sa Teaghais ná i gcomharsanacht na Teaghaise.

1.2 Ní dhéanfaidh an Tionónta aon rud ná ní chuirfidh sé faoi deara ná ní dhéanfaidh sé ná ní cheadóidh sé d'aon Bhall de Theaghlach an Tionónta ná d'aon duine atá ar cuairt sa Teaghais aon chineál núise a chur faoi deara nó a dhéanamh más dócha gurb é a bheidh mar thoradh air ná núis, crá nó cur isteach ar aon tionóntaí eile, baill de theaghlach tionóntaí eile, cuairteoirí, comharsana, oifigigh Chomhairle, gníomhairí, conraitheoirí nó aon bhall eile den phobal i gcoitinne atá ag maireachtáil nó obair sa Teaghais nó i gcomharsanacht na Teaghaise.

1.3 Chun críocha an Chomhaontaithe Léasa seo, is éard is brí leis an bhfrása 'núis, crá nó cur isteach ar' ná aon iompar a chuireann as do shuaimhneas agus do shócúl tionóntaí eile, baill dá dteaghlach, cuairteoirí, comharsana, an Chomhairle, lena n-áirítear a cuid fostaithe agus conraitheoirí nó aon bhall eile den phobal i gcoitinne atá ag maireachtáil nó ag obair i gcomharsanacht na Teaghaise agus ar iompar é ar féidir goilliúint, baol, gortú, damáiste, cailliúint nó eagla a bheith ann dá bharr agus a bhaineann go díreach nó go hindíreach le feidhmeanna bainistíochta na Comhairle agus, gan dochar don méid roimhe seo, a bhfuil na nithe seo a leanas san áireamh ann (ach gan é a bheith teoranta do na nithe seo a leanas)

- (i) ciapadh ar fhorais a bhaineann le haois, inscne, gnéas, cruth, cine, dath, bunadh eitneach, bunadh náisiúnta, creideamh, cultúr, stíl mhaireachtála, claonadh gnéis, sláinte, stádas pósta, míchumas, imthosca teaghlach nó eile
- (ii) óltacht ghráiniúil
- (iii) ag scríobh graifítí agus go háirithe graifítí atá maslach, bagrach nó tarcaisneach
- (iv) ag seinm nó ag tabhairt cead do dhaoine eile aon raidió, teilifís, ceirnín, córas fuaimne, téipthaifeadadh, callaire, uirlis cheoil nó torann eile teicniúil nó meaisín eile a dhéanann torann de chineál ar bith a sheinm chomh hard sin agus go ndéanann sé núis nó go gcuireann sé isteach ar dhaoine eile atá sa chomharsanacht
- (v) ag déanamh torainn nach bhfuil aon ghá leis nó ag déanamh an iomarca torainn ar aon dóigh ar bith, lena n-áirítear trealamh nó innealra a úsáid a chuireann isteach ar dhaoine
- (vi) an Teaghais nó aon chuid den Teaghais a úsáid chun striapachais nó cead a thabhairt an Teaghais nó aon chuid den Teaghais a úsáid chun striapachais agus/nó airm neamhcheadúnaithe

7.4 Ní dhéanfaidh an Tionónta go feasach, ceadú d'aon duine a bhfuil Ordú Eisiata nó Ordú Eisiata Eatramhach ina aghaidh i leith na Teaghaise, teacht isteach sa Teaghais agus an tOrdú Eisiata nó an tOrdú Eisiata Eatramhach a shárú

de réir mar a bheidh, ag aon am nuair a bheidh Ordú dá leithéid i bhfeidhm."

5.2 Reachtaíocht

I measc na reachtaíochta atá ar fáil do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin chun déileáil le hiompar frithshóisialta, tá:

Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997,
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 agus
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014

Ar an reachtaíocht ábhartha atá ann i ndáil le Cóiríocht don Lucht Siúil, tá:

Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992,
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 agus
Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014

5.2.1 Sainmhíniú ar iompar frithshóisialta:

Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014 (Cuid 2 agus leasú ar Acht 1997)

folaíonn 'iompar frithshóisialta' ceachtar de na nithe seo a leanas, nó iad araon, mar atá-

- a) monarú, táirgeadh, ullmhú, iompórtáil, easpórtáil, díol, soláthar druga rialaithe, sealbhú druga rialaithe chun críocha a dhíola nó a sholáthair, nó a dháilte (de réir na brí atá sna hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 go 2007).
- b) aon iompar ar cúis é, nó ar dóigh gur cúis é, le haon dainséar, gortú, damáiste, scaoll, cailliúint nó eagla is suntasach nó leanúnach a bhainfidh do dhuine atá ag maireachtáil, ag obair nó atá, ar aon bhealach eile go dleathach, i dteach nó i gcomharsanacht tí a chuir údarás tithíochta ar fáil faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2014, nó faoi Chuid V den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, nó in eastát tithíochta ina bhfuil an teach lonnaithe nó ina bhfuil sé ina láithreán agus, gan dochar don méid roimhe seo, a fholaíonn
 - (i) foréigean, bagairtí, imeaglú, comhéigean, ciapadh nó bac tromaí a dhéanamh ar aon duine;
 - (ii) iompar is cúis le haon lagú suntasach nó leanúnach ar úsáid nó ar theachtadh a bhaile féin nó a baile féin ag duine, nó
 - (iii) damáiste d'aon mhaoin, lena n-áirítear baile duine, nó aghlot ar mhaoin den sórt sin trí scríobh nó trí mharcanna eile a chur uirthi

5.2.2 Sainmhíniú ar bhainistíocht eastáit: (Acht (Forálacha Ilghnéitheacha) na dTithe 1997, arna leasú.

folaíonn "bainistíocht eastáit"-

(a) áirithiú nó cur chun cinn leas aon tionóntaí, léasaithe, úinéirí nó áititheoirí, cibé acu ina nduine is ina nduine nó go ginearálta, maidir le tairbhe a bhaint as aon teach, aon fhoirgneamh nó aon talamh a chuir údarás tithíochta ar fáil faoi Acht na dTithe, 1966 go 1997,

(b) iompar frithshóisialta a sheachaint, a chosc nó a mhaolú in aon eastát tithíochta ina bhfuil teach a chuir údarás tithíochta ar fáil faoi Acht na dTithe 1966 go 1997, nó láithreán.

Ní thagann sealbhú drugaí mídhleathacha atá le haghaidh úsáid phearsanta amháin faoi scáth an tsainmhíne seo. Mar sin féin, féadfar a mheas gur sárú ar an gcomhaontú tionóntachta é. Leathnaítear na cumhachtaí in Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 chun gníomhartha loitiméireachta, amhail graifítí agus damáiste coiriúil do mhaoin, a chumhdach. Is minic a bhíonn baint ag foréigean tromchúiseach agus imeaglú le mangaireacht drugaí agus, chun críocha an Achta seo, ní foláir baol, gortú, damáiste etc do dhaoine is suntasach nó leanúnach a bheith i gceist leis. Ní chumhdaíonn an sainmhíniú seo torann agus núis ná gníomhaíochtaí eile (féach 7.6), a gceanglófaí go hiondúil iad leis na fadhbanna tromchúiseacha a bhfuil an tAcht dírithe orthu. Ina dhiaidh sin féin, d'fhéadfadh gurbh ionann na gníomhaíochtaí neafaiseacha seo sárú ar an gcomhaontú tionóntachta agus más amhlaidh atá, is féidir imeachtaí dlí faoin reachtaíocht reatha a bhreithniú.

5.2.3 Straitéis Iompair Fhrithshóisialta:

Foráiltear in Alt 35 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, straitéis iompair fhrithshóisialta a ghlacadh arbh iad na phríomhchuspóirí léi ná-

- a) iompar frithshóisialta a chosc agus a laghdú,

- b) seirbhísí a chomhordú taobh istigh den údarás tithíochta chun déileáil le hiompar frithshóisialta nó chun é a chosc nó a laghdú,
- c) comhoibriú le daoine agus le dreamanna eile a chur chun cinn, lena n-áirítear an Garda Síochána, i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoi seach, sa mhéid is go mbaineann siad le déileáil le hiompar frithshóisialta nó é a chosc nó a laghdú, ag féachaint don ghá atá ann dúbláil gníomhartha ag an údarás tithíochta agus ag daoine eile, i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna seo, a sheachaint, agus
- d) dea-bhainistíocht eastáit a chur chun cinn.

Is feidhm fhorchoimeáda é straitéis iompair fhrithshóisialta a tharraingt suas agus a ghlacadh, agus í a leasú.

5.2.4 Iarratais Sealbhaithe:

Déantar Alt 62 d'Acht na dTithe, 1966, a aisghairm le Cuid 2 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014, agus ceadaítear ann eisiúint Foláireamh Tionóntachta, Athbhreithnithe ar Fholáirimh Tionóntachta, agus imeachtaí chun teaghais údaráis áitiúil a shealbhu. (féach 7.11 den Straitéis).

5.2.5 Orduithe Eisiata:

Ceadaítear Orduithe Eisiata ag tionónta/ceannaitheoir ábhartha nó ag Údarás Áitiúil in Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997, arna leasú. Is é is cuspóir leis an reachtaíocht ná go mbeadh freagairt níos dírithe ann ar iompar frithshóisialta, trína ndéileáiltear leis na ciontóirí atá i gceist gan an teaghlach ar fad a dhíbirt. Má dheonaítear é, is féidir le hOrdú Eisiata bac a chur ar an bhfreagróir dul isteach sa teaghais nó san eastát ar fad a bhaineann le hábhar ar feadh tréimhse trí bliana. Féadfaidh Ordú Eisiata bac a chur ar fhreagróir imeaglú, comhéigean, ciapadh nó bac tromaí nó bagairt a dhéanamh ar an tionónta nó áititheoir eile sa teaghais lena mbaineann, nó iarracht a dhéanamh imeaglú, comhéigean, ciapadh nó bac tromaí nó bagairt a dhéanamh orthu. Leasaítear Acht 1997 le hAlt 34, 35 agus 36 d'Acht 1998 (Cóiríocht don Lucht Siúil) ceadaítear ann leathnú na reachtaíochta a bhaineann le hOrdú Eisiata sa tslí is go n-áireofaí láithreáin a chuirtear ar fáil don lucht siúil. Tá Aonad Cóiríochta an Lucht Siúil freagrach as na hiarratais seo agus a gcuid nósanna imeachta agus bearta coiscitheacha maidir le hiompar frithshóisialta i gClár Cóiríochta an Lucht Siúil, 2014 – 2018.

Faoi Alt 19 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014, ní fhéadtar iarratas a dhéanamh ar Ordú Eisiata in aghaidh duine atá faoi bhun dhá bhliain déag d'aois.

Faoin Acht céanna, sa chás go ndéantar iarratas sealbhaithe ar fhorais a bhaineann le hiompar frithshóisialta ag ball teaghlach seachas an tionónta, sa chás nach bhfuil comhthionónta ann, féadfaidh an Cúirt Dúiche cinneadh caitheamh leis an iarratas sealbhaithe amháil is gur iarratas ar Ordú Eisiata a bhí ann.

5.2.6 Foréigean Baile:

Ní thagann cásanna foréigin baile faoi scóip na reachtaíochta seo. Is iad an Garda Síochána agus Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) na gníomhaireachtaí reachtúla atá freagrach as déileáil le heachtraí den chineál seo agus tairgeann comhairle agus tacaíocht agus cabhraíonn le cur i bhfeidhm. Mar sin féin, tá Seirbhís Leasa Tithíochta na Comhairle ar fáil chun tuilleadh comhairle agus tacaíochta a thabhairt maidir le ceisteanna tithíochta a bhaineann le foréigean baile.

5.2.7 Imeaglú Ball Foirne:

Leasaítear Alt 18 den Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997 le hAlt 19 (11) d'Acht 2014, a fhágann gur cion ar leith imeaglú in aghaidh oifigigh údaráis tithíochta nó fostaithe údaráis tithíochta, nó aon duine dá dteaghlach nó dá líon tí nó aon duine a thugann fianaise nó atá le fianaise a thabhairt in aon imeachtaí faoin Acht nó faoi Chuid 2 d'Acht 2014. Is é an pionós as a ucht sin ná fíneáil Aicme A nó 12 mhí i bpríosún nó an dá rud.

5.2.8 Saoráil Faisnéise/Cosaint Sonraí:

Comhlíonfaidh an Chomhairle go hiomlán forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 (féach Alt 7.2) agus an Achta Cosanta Sonraí, 1988, arna leasú.



Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
Bóthar na Mara, Dún Laoghaire,
Co. Átha Cliath, Éire
www.dlrcoco.ie